- Persons wishing to speak Irish at a public meeting shall be accommodated.
- Public events shall have a bilingual element, ex invitations, speeches, addresses.



Caibidil 3

Achoimre Seirbhísí/Gníomhaíochtaí atá á soláthar de réir rannóige

Leathanach

20

3.1 Réamhrá

Tugann an Chaibidil seo forléargas ar an staid ina bhfuil soláthar seirbhísí / gníomhaíochtaí ag rannóga aonair sna hÚdaráis Áitiúla. Tugann an chéad chuid den chaibidil liosta de na rannóga éagsúla agus den réimeas oifigiúil teanga a fheidhmítear i ngach cás. Tugann an dara cuid cur síos gearr ar fheidhmeanna / gníomhaíochtaí i ngach Rannóg.

3.2 Teanga Oibre na seirbhísí éagsúla atá ar fáil:

3.2.1 Rannóga a Fheidhmíonn trí Ghaeilge

Oibríonn an tOifigeach Forbartha Gaeilge trí mheán na Gaeilge agus dá réir sin cuireann sé/sí a c(h)uid seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge ach amháin nuair a iarrann an custaiméir/ciaint go gcuirfí an tseirbhís sin ar fáil dóibh i mBéarla.

3.2.2 Rannóga a chuireann Seirbhís Dhátheangach ar fáil

Cuirtear na seirbhísí seo a leanas ar fáil go dátheangach, mar atá imlínithe:

- **An Oifig Caomhnaithe:**

Cuireann an tOifigeach Caomhnaithe seirbhísí comhairleacha ar fáil d'úinéirí agus áititheoirí Struchtúr Cosanta agus do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu i gcaomhnú nó i ndeisiú seantithe, áitribh tráchtála nó struchtúir eile a bhfuil fiúntas ailtireachta nó stairiúil ag baint leo.

- **Coiste Logainmneacha an Chláir:**

Mar fhoghrúpa de Fhóram Oidhreacht an Chontae bunaíodh Coiste Logainmneacha an Chláir i 2002 chun comhairle a thabhairt maidir le logainmneacha a roghnú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ainmneacha a thugtar d'fhorbairtí nua. Spreagann an Coiste úsáid na Gaeilge sna logainmneacha sin, agus leanfar den obair seo le linn saolré na Scéime.

- **An tIonad Staidéar Áitiúil:**

Is leabharlann tagartha agus ionad taighde é Ionad Staidéar Áitiúil Leabharlann Contae an Chláir atá tiomanta do bhailiúchán ábhair a bhaineann le gné ar bith de Chontae an Chláir. Féadfar plé le fiosruithe ar na hábhair atá ann trí mheán na Gaeilge.

Shannon
recycling
centre

Materials Accepted

Fáilte go
ionad
athchursála
na Sionna

Earrí Inghlactha



Beathán
Beathán



Beathán
Beathán



Beathán
Beathán



Beathán
Beathán

Chapter 3

Summary of Services/Activities provided by sections

3.1 Introduction

This Chapter outlines the position regarding service provision / activities by individual sections with the Local Authorities. The first part of the chapter lists the various sections and the official language regime operated in each case. The second part briefly describes the functions / activities of each Section.

3.2 Operating Language of the various services available:

3.2.1 Sections Working in Irish.

The Oifigeach Forbartha Gaeilge works through the medium of the Irish languages and thus provides services through the medium of Irish, except where the customer / client requests such a service be provided to them in the English language.

3.2.2 Sections providing a Bilingual Service

The following services are provided bilingually, as outlined:

- **Conservation Office:**

The Conservation Officer provides an advisory services to owners and occupiers of Protected Structures and also to anyone interested in conserving or restoring old houses, commercial premises or other structures of architectural or historical merit.

- **Clare Placenames Committee:**

As a subgroup of the County Heritage Forum, the Clare Placenames Committee was set up in 2002 to give advice on selecting placenames and to monitor names given to new developments. The Committee encourages the use of Irish in such placenames, and will continue with this work over the lifespan of the Scheme.

- **Local Studies Centre:**

Clare County Library's Local Studies Centre is a reference library and research centre dedicated to the collection of material on any aspect of County Clare. Queries relating to the materials held can be dealt with through the medium of Irish.



ÁTH LEATHAN
BROADFORD

Mar léiriú ar an líon foirne a rinne an Dioplóma sa Ghaeilge agus orthu siúd atá ag staidéar faoi láthair don Teastas Eorpach sa Ghaeilge, measann Údaráis Áitiúla an Chláir go bhfuil sé tábhachtach a lua go bhfuil baill foirne sna rannóga seo a leanas atá sásta plé a dhéanamh leis an bpobal trí mheán na Gaeilge agus tá a gcuid sonraí teagmhála ar fáil sna limistéir fáiltithe go léir.

Pobal & Fiontar

Leabharlann Contae an Chláir, Ceanncheathrú na Leabharlainne,
agus Músaem an Chláir.

3.2.3 Rannóga a chuireann Seirbhís ar fáil trí Bhéarla amháin

Is iad seo a leanas na rannóga in Údaráis Áitiúla an Chláir a chuireann seirbhís ar fáil faoi láthair trí Bhéarla amháin.

- Bóithre (seachas oifig ceantair na Scairbhe/Chill Dalua mar atá sonraithe i gCaibidil 4)
- Seirbhísí Uisce
- Airgeadas (Ioncam, Deontais Ardoideachais seachas Cánachas Gluaisteán in oifigí na hInse agus Inis Díomáin áit a gcuirfear áis ar fáil le linn saolré na Scéime seo).
- Comhairle Baile Chill Chaoi
- Rannóg Tithíochta
- Oifig Ceantair Inis Díomáin (seachas Cánachas Gluaisteán mar atá sonraithe i gcaibidil 4)
- Comhairle Baile Chill Rois agus an Oifig Ceantair (seachas an Rannóg Airgeadais a shocrófar le linn saolré na scéime seo mar atá sonraithe i gcaibidil 4)
- Comhairle Contae an Chláir, Oifig Cheantar na Sionna; Comhairle Baile na hInse; agus Rannóga Comhshaoil, Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna de chuid Chomhairle Contae an Chláir (meicníochtaí le cur i dtoll a chéile thar shaolré na Scéime seo, mar atá sonraithe i gCaibidil 4)
- An Rannóg Pleanála (seachas an Oifig Caomhnúcháin mar a shonraíodh in alt 3.2.2 thuas) ach tá meicníochtaí le cur i dtoll a chéile thar shaolré na Scéime seo, mar atá sonraithe i gCaibidil 4.
- Leabhar Contae an Chláir (seachas Músaem an Chláir agus Ceanncheathrú na Leabharlainne mar atá sa liosta i roinn 3.2.2 thuas agus craobhleabharlanna in Inis, Inis Díomáin, Baile na Sionna agus Cill Dalua agus Cartlanna Contae an Chláir mar atá sonraithe i gCaibidil 4).

To reflect the number of staff who have undertaken the Dioplóma sa Ghaeilge and those who are currently studying the Teastas Eorpach sa Ghaeilge course, Clare Local Authorities feels that it is important to mention that the following sections have staff who are willing to deal with the public through the medium of Irish, and their contact details are available at all reception areas.

Community & Enterprise (Enterprise)

Clare County Library: Library Headquarters and Clare Museum.

3.2.3 Sections Providing a Service through English only

The following are the sections within Clare Local Authorities that currently provide a service through the medium of English only”

- Roads (with the exception of the Scarriff/Killaloe area office as detailed in Chapter 4)
- Water Services
- Finance (Revenue, Higher Education Grants with the exception of Motor Tax in the Ennis and Ennistymon offices in respect of which mechanism will be put in place over the lifetime of this Scheme).
- Kilkee Town Council
- Housing Section
- Ennistymon Area Office (with the exception of Motor Tax as detailed in chapter 4)
- Kilrush Town Council and Area Office (with the exception of the Finance Section to be dealt with in the lifespan of this scheme as detailed in chapter 4)
- Clare County Council, Shannon Area Office; Ennis Town Council; and Clare County Council Environment, Corporate Services and Human Resources Sections (mechanisms to be put in place over the lifetime of this Scheme as detailed in Chapter 4)
- Planning Section (with the exception of the Conservation Office as detailed in section 3.2.2 above) but mechanisms are to be put in place over the lifetime of this Scheme as detailed in Chapter 4.
- Clare County Library (with the exception of Clare Museum and Library Headquarters as listed in paragraph 3.2.2 above and branch libraries in Ennis, Ennistymon, Shannon and Killaloe and Clare County Archives as detailed in Chapter 4).

Cairbidil 4

Tiomantais faoin Scéim

Leathanach

24

4.1 Réamhrá

Tá Údaráis Áitiúla an Chláir tiomanta do líon sásúil foirne a bheith acu a bheith inniúil ar sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge i ngach rannóg de na hÚdaráis a dhéanann plé go rialta leis an bpobal. Admhaímid áfach nach mbeimid in ann é seo a dhéanamh le linn saolré ár gcéad scéim teanga. Dá bhrí sin tá rogha déanta de sheirbhísí a ndíreoidh Údaráis Áitiúla an Chláir orthu le linn saolré na scéime seo, ó thaobh féidearthachta, éileamh an phobail agus moltaí na gcustaiméirí.

Tá sé molta go ndéanfaí soláthar na seirbhíse Gaeilge ina limistéir seirbhíse a ainmniú ar an suíomh idirlín, agus ag ionaid fáiltithe éagsúla. Meastar go spreagfaidh sé seo baill den phobal chun leas a bhaint as na seirbhísí seo ar bhealach compordach muiníneach.

4.2 Tiomantais faoin Scéim

4.2.1 Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá trí phríomhréimse oibre ag an rannóg féin:

- Tacaíocht Líonra agus Bonneagar
- Cothabháil Córas
- Forbairt Córas Gréasáin

Cuirfear na beartais seo a leanas i bhfeidhm maidir le cumarsáid leictreonach agus le cur chun cinn na Gaeilge le linn saolré na scéime:

- Déanfar leasú ar an teachtaireacht séanadh caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist agus beidh sí i bhfoirm dhátheangach faoi dheireadh ré na scéime.
- Cinnteoidh an Chomhairle go dtarraingeofar anuas cumas na gcóras plé leis an nGaeilge i ngach teagmháil tosaigh agus i ngach plé ina dhiaidh sin le comhairligh, cuideachtaí srl. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara ina leith sin go bhfuil an Chomhairle, fearacht an chuid is mó de na Comhairlí Contae eile, ag brath ar Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil as soláthar go leor dá córais, agus iarrfaidh an Chomhairle go soláthródh an Bord córais úra ar féidir leo dul i ngleic leis an nGaeilge
- Cinnteoidh Údaráis Áitiúla an Chláir go mbeidh córas bainistithe an ábhair ghréasáin a úsáidfear in ann plé le hábhar Gaeilge, agus go mbeidh tacaíocht aige d'ábhar agus do láithreáin dátheangacha gréasáin.
- Cuirfear na codanna seo a leanas de láithreán gréasáin reatha Chomhairle Contae an Chláir ar fáil go dátheangach laistigh de shaolré na scéime seo: Do Chomhairle; Déan Teagmháil Linn; Uaireanta Oscailte, Foirmeacha; Clár Vótála agus Toghthóirí; agus Gairmréimeanna.

Chapter 4

Commitments under the Scheme

4.1 Introduction

Clare Local Authorities are committed to having an adequate number of staff competent to provide a service through Irish in all sections of the Authorities that deal regularly with the public. However, we acknowledge that this will not be possible over the course of our initial language scheme. Thus a selection of services on which Clare Local Authorities will focus during the lifespan of this Scheme has been decided upon, by virtue of feasibility, public demand and customer suggestions.

It is proposed to promote the availability of an Irish language service in its service areas identified on the website, and at various reception points. It is felt that this will encourage members of the public to avail of such services in a more comfortable and confident manner.

4.2 Commitments under the Scheme

4.2.1 Information Technology

The department itself has three main areas of operation:

- Network Support and Infrastructure
- Systems Maintenance
- Web Systems Development

The following policies will be implemented in relation to electronic communication and the promotion of the Irish language over the lifespan of the scheme.

- The standard disclaimer message on e-mail correspondence will be reviewed and made appear in bilingual format by the end of the scheme.
- The Council will ensure that the ability of systems to handle the Irish language will be raised in all initial contacts and subsequent dealings with consultants, companies etc. In this regard it should be noted that the Council similar to most other County Council's is dependant on the Local Government Computer Services Board for the provision of many of its systems and the Council will request that the Board should provide new systems which can handle the Irish language
- Clare Local Authorities will ensure that the web content management system used will be capable of handling content in Irish and will have support for bilingual web content and web sites.
- The following sections of the current Clare County Council website shall be made available bilingually within the lifetime of this scheme: Your Council; Contact Us; Opening Hours, Forms; Voting and Electoral Register; and Careers.

- Féadann Teicneolaíocht na Faisnéise a chinntiú go mbeidh aon bhogearraí ríomhaireachta nua lena mbaineann inrochtaineacht phoiblí atá á fhorbairt go hiomlán inrochtana don phobal sa Ghaeilge; agus cinnteoidh sí freisin (sa mhéid agus go mbíonn sé faoinár riail) go mbeidh na córais atá cheana ann comhoiriúnaithe laistigh de shaolré na scéime seo.
- Beidh aon chóras idirghníomhach nua oiriúnach ó thaobh teanga de, agus uasghrádófar na córais atá cheana ann, faoi dheireadh na scéime seo faoi réir sholáthar na gcóras éigeantach ó Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil.

4.2.2 Leabharlann Contae an Chláir

An tSeirbhís Leabharlainne

Tá níos mó ná 170,000 léitheoirí cláraithe nó athchláraithe ann le 150,000 cuairteanna sa bhliain. Tá sé d'aidhm ag an Seirbhís Leabharlainne freastal a dhéanamh ar riachtanais faisnéise, cultúrtha agus oideachais Chontae an Chláir i sé chraobhleabharlann déag.

Faoi dheireadh na scéime, beifear in ann seirbhís chuntair dhátheangach a chur ar fáil sna leabharlanna craoibhe seo a leanas: Inis, Inis Díomáin, Baile na Sionna agus Cill Dalua.

Suíomh Idirlín na Leabharlainne

Ba í Leabharlann Chontae an Chláir an chéad leabharlann phoiblí in Éirinn a chuir a chatalóg ar an idirlín, agus cuireann sé suíomh idirlín ar fáil do mhúsaem an údarais áitiúil, chomh maith le seirbhís faisnéise ar líne don phobal, foilseacháin ar líne, fógraíocht litríochta, catalóg grianghraf agus léarscáileanna ar líne. Is cuid bhunúsach dá fheidhmiú agus dá struchtúr é an suíomh idirlín seo a bhfuil gradam buaite aige, ag amharc ar an 'leabharlann' ní mar fhoirgneamh ná mar institiúid amháin ach mar acmhainn don phobal le húsáid ar son faisnéise, foghlama, cultúir agus samhlaíochta, ag feabhsú caighdeán intleachtúil agus cultúrtha an tsaoil don phobal dá réir.

- Le linn saolré na Scéime seo, nuair atá deis ábhartha ann, beifear ag cur scríbhinní agus tuairimíocht i nGaeilge le cion an tsuíomh idirlín.

Seirbhísí Cartlainne Chontae an Chláir

Is seirbhís don chontae ar fad í an Chartlann Contae agus chomh maith le taifid na n-údarás áitiúla, bailítear ábhar léitheoireachta eile a bhaineann leis stair an chontae inti, ina measc páipéir príobháideacha, líníochtaí ailtreachta, léarscáileanna agus pleananna, páipéir eastáit, bailiúcháin ghrianghrafadóireachta agus taifid institiúidí acadúla, sóisialta agus eacnamaíocha.

- Le linn saolré na scéime seo cuirfear liostaí tuairisciúla ar fáil go dátheangach faoi bhailiúcháin taifead atá i nGaeilge.

- I.T. can ensure that any new computer software involving public accessibility which is being developed, is fully capable of being accessed by the public in the Irish language and will also ensure (in so far as it is under our control) that existing such systems are made compatible within the lifetime of this scheme.
- Any new interactive systems will be language compliant and existing systems upgraded, by the end of this scheme subject to the provision of the necessary systems from the Local Government Computer Services Board.

4.2.2 Clare County Library

The Library Service.

To date it has registered or re-registered over 170,000 readers with 150,000 visits annually. The Library Service aims to meet the information, cultural and educational needs of County Clare with sixteen branch libraries.

By the end of this scheme, a bilingual counter service will be available in the following branch libraries: Ennis, Ennistymon, Shannon and Killaloe.

Library Website

The Clare County Library website was the first public library in Ireland to offer its catalogue on the web, and offers a local authority museum website, an online community information service, online publications, literature promotions, a catalogue of photographs, and online maps. It's award-winning website is a fundamental part of its operations and structure, viewing the 'library' as neither a building or an institution but a resource to be used by people for information, learning, culture and imagination, thereby improving the intellectual and cultural quality of life of the community.

- Over the lifespan of this Scheme, all writings and commentaries received in Irish will continue to be added to the content of the website.

Clare County Archives Service.

The County Archives is a county-wide service and in addition to Local Authority records, it also collects other material relating to history of the county including private papers, solicitors papers, architectural drawings, maps and plans, estate papers, photographs collections and records of academic, social and economic institutions.

- During the lifetime of this scheme, descriptive lists of collections of records in Irish will be provided bilingually.

Músaem an Chláir

Is í an fheidhm atá ag Músaem an Chláir cultúr ábhartha Chontae an Chláir a chaomhnú.

Le linn saolré na scéime seo:

- Cuirfear na córais faisnéise idirghníomhacha atá lonnaithe sa Mhúsaem ar fáil go dátheangach, ar aon dul leis na córais idirghníomhacha atá ag freastal ar an nGaeilge faoi láthair.
- Tá turais an Mhúsaeim ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair le linn Seachtain na Gaeilge. Leanfar leis an gcleachtas seo uair sa mhí agus leathnófar amach é go hamannta áirithe eile i rith na bliana, Lá Eorpach na dTeangacha mar shampla.
- Déanfar clár ceardlanna stairiúla do leanaí óga agus do dhaoine fásta a éascú trí mheán na Gaeilge uair sa ráithe.

An Oifig Ealaíon

Tá sé d'aidhm ag an Oifig Ealaíon struchtúir agus straitéisí a bhunú chun go mbeadh na healaíona faoi bhláth sa Chlár agus go mbeidh daoine aonair, grúpaí agus pobail in ann na healaíona a úsáid mar mheán léirithe daonna, chun pobail a thógáil agus chun freagraí cruthaitheacha ar sochaí a spreagadh.

Le linn saolré na scéime seo:


- Soláthróidh an Oifig Ealaíon seirbhís dhátheangach nuair is gá agus
- Leanfar le cur chun cinn na Gaeilge ina chlár oideachasúla.

4.2.3

Mótarchánachas

Pléann an Oifig Mhótarchánach le Cánachas Gluaisteán agus le ceadúnú tiománaithe do Chontae an Chláir. Le linn saolré na scéime seo:

Thar scolré na Scéime seo, mar pointe tosaíochta soláthróidh Oifig Áitiúil, Inis Díomáin seirbhís trí mheán na Gaeilge ar trí lá den tseachtain agus soláthróidh Oifig na hInse seirbhís dá leithéid ar lá amháin den tseachtain. Déanfar athbhreithniú ar an tseirbhís seo agus méadófar é le linn scéimeanna i ndiaidh an Scéim seo. Tá sé ar intinn ag Údarás Áitiúla an Chláir an tseirbhís seo a leathnú amach le linn saolré na scéimeanna ina dhiaidh seo ionas go mbeidh seirbhís iomlán ar fáil ó na hOifigí Cánachas Gluaisteán.



Clare Museum

The function of Clare Museum is to preserve the material culture of County Clare.

During the lifespan of this scheme:

- The remaining interactive information systems located within the Museum will be made available bilingually similar to that of the interactives which currently cater for Irish.
- Tours of the Museum through Irish are currently available throughout Seachtain na Gaeilge. This practice will continue once per month and this will be extended to other designated times of the year, for example, Lá Eorpach na dTeangacha.
- That a programme of historical workshops for young children and adults through the medium of Irish be facilitated every three months.

The Arts Office

The Arts Office aims to establish structures and strategies which enable the arts to flourish in Clare and to enable individuals, groups and communities to use the arts as a vehicle for human expression, community building and the encouragement of creative responses to society.

During the lifespan of this Scheme:

- The Arts Office will provide a bilingual service when required and
- Will continue to promote Irish in its' educational programmes.

4.2.3

Motor Taxation

The Motor Taxation Office deals with Motor Taxation and driver licensing for County Clare. Over the lifespan of this scheme:

As a starting point the Ennistymon Area Office will provide a service through the medium of Irish on three days of the week, and the Ennis Office will introduce the provision of such a service on one week day which shall be reviewed and increased in subsequent schemes. The Local Authorities intend to expand this service in the second and subsequent schemes so that a fully bilingual service will be made available from the Motor Taxation Offices in the future.



4.2.4

Oifigí Cathrach Chill Rois

Tá Comhairle Baile agus Oifig Ceantair Chill Rois freagrach as gníomhú chun leas an phobail a chothú agus gníomhaíochtaí ocht ngrúpa clár an Údaráis Áitiúil á fheidhmiú acu i gCill Rois. Le linn saolré na scéime seo:

Pléifidh an Rannóg Airgeadais go dátheangach le custaiméirí maidir lena fheidhmeanna.

4.2.5

Infhaighteacht na Seirbhísí Gaeilge ag an gCuntar

Soláthróidh na hoifigí poiblí seo a leanas seirbhísí cuntair trí mheán na Gaeilge thar shaolré na scéime:

- Oifigí Ceantair na Scairbhe/Chill Dálua
- Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha
- Rannóg na nAcmhainní Daonna
- An Rannóg Pleanála
- Oifigí na hInse den Rannóg Comhshaoil le síneadh na seirbhísí sin do na hoifigí ceantair thar shaolré na scéimeanna ina dhiaidh sin;
- Comhairle Baile na hInse
- Oifigí Chathartha na Sionna Leanfar ar aghaidh ag freastal ar an nGaeilge agus ag fearadh fáilte roimpi ag cruinnithe Chomhairle Baile na Sionna.

4.3 Earcú Fóirne

Maidir leis an nGaeilge, cuirfear na cuspóirí seo a leanas i bhfeidhm:

- Leanfar leis an gcleachtas maidir le hagallaimh Ghaeilge a dhéanamh mar chuid den phróiseas earcaíochta do ghrádanna riaracháin, agus déanfar an cleachtas seo do ghrádanna teicniúla a mheas.
- Déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna athbhreithniú ar bheartais earcaíochta agus soghluaisteachta maidir le postanna in Údaráis Áitiúla an Chláir.
- Tabharfar riachtanais agus dualgais na rannóga éagsúla san áireamh maidir le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge nuair atá bail foirne á lonnú agus á n-úsáid.



- 4.2.4 **Kilrush Civic Offices**
Kilrush Civic Offices are responsible for taking action to promote the community interest whilst operating the activities of the Local Authority's eight programme groups in Kilrush. Over the lifespan of this Scheme:
The Finance Section will provide a bilingual counter and telephone service.
- 4.2.5 **Availability of Irish Language Counter Services**
Over the lifespan of the scheme, the following public offices will provide counter services through the medium of Irish:
- Scarriff/Killaloe Area Office;
 - Corporate Services Section;
 - Human Resources Section;
 - Planning Section;
 - The Ennis offices of the Environment Section with the extension of such services to area offices over the course of subsequent schemes;
 - Ennis Town Council;
 - Shannon Civic Offices. The Irish language will continue to be accommodated and welcomed at meetings of Shannon Town Council.

4.3 Staff Recruitment

In relation to the Irish language, the following objectives shall be implemented:

- The practice of holding Irish language interviews as part of the recruitment process for administrative grades shall continue, and this practice will be introduced also for technical grades.
- The Human Resources Department shall review recruitment and mobility policies in relation to posts within Clare Local Authorities.
- The requirements and obligations of the various sections in providing a service through Irish be taken into account when considering staff placement and deployment.



4.4 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Ceann de na haidhmeanna atá inár bPlean Corparáideach fórsa oibre oilte a fhorbairt a mbeidh ardspreagadh aige agus é dírithe ar an gcustaiméir. Leanfaidh Údarás Áitiúla an Chláir lena dtiomantas maidir le hoiliúint agus forbairt foirne a sholáthar sa dá theanga oifigiúil ar mhaithe le hinniúlacht na foirne a fheabhsú. Maidir leis an nGaeilge, cuirfear na cuspóirí seo a leanas i bhfeidhm:

- Cuirfear cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán ar fáil le linn uaireanta oibre agus ina ndiaidh, ar nós an Chiorcail Cainte agus ranganna Gaeilge do thosaitheoirí, agus déanfar nuashonrú ar an mBeartas Oiliúna chun an aidhm seo a shoiléiriú.
- Spreagfar baill foirne chun scoláireachtaí Gaeleagras a lorg, an Teastas Eorpach sa Ghaeilge agus an Dioplóma sa Ghaeilge a dhéanamh agus an Fáinne a chaitheamh.
- Cuirfear ábhar foghlama (foilseacháin, liostaí de shuíomhanna úsáideacha foclóra ar an Idirlíon) ar fáil chun soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.
- Déanfar measúnú leanúnach ar gach cúrsa oiliúna Gaeilge chun a éifeachtúlacht a dheimhniú.
- Beidh feacht teanga ina chuid den oiliúint ionduchtaithe le cinntiú go dtuigeann lucht foirne a thábhachtaí agus atá sí agus go mbeidh an fhoireann eolach faoina ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an Scéim Teanga.
- Cuirfear córas admhála bliantúil ar bun do bhaill foirne a thugann faoi fheidhmiú mar phointe teagmhála Gaeilge, nó a rinne cúrsa oiliúna.

4.5 Gaelscoileanna agus na hEagraíochtaí Gaeilge

Is i nGaeilge amháin a bheidh gach tionscadal a thiomsaítear le gaelscoileanna, gaelcholáistí nó eagraíochtaí Gaeilge sa chontae.

Cuirfidh Údarás Áitiúla an Chláir naisc le heagraíochtaí Gaeilge ar nós An Clár as Gaeilge agus grúpaí eile chun cur chun cinn na Gaeilge a chothú go ginearálta sa Chontae agus chun na seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge san Údarás Áitiúil a fhógairt. Bunaíodh Fóram Gaeilge an Chláir chun freastal ar an gcuspóir seo. I measc a chuid feidhmeanna beidh cumarsáid níos fearr á spreagadh idir grúpaí Gaeilge sa Chontae, agus comhthionscail sa Chontae ar nós Seachtain na Gaeilge agus Lá Eorpach na dTeangacha.



4.4 Staff Training and Development

One of the aims of our Corporate Plan is to develop a highly motivated, skilled and customer focused workforce. Clare Local Authorities will continue it's commitment in relation to the provision of staff training and development, in both official languages, so as to improve staff competency. In relation to the Irish language, the following objectives shall be implemented:

- The provision of Irish language courses of a high standard during and after work hours, such as the Ciorcail Cainte and Irish classes for beginners, and that the Training Policy be updated to define this aim.
- That staff be encourage to apply for the Gaeleagras scholarship, to undertake the Teastas Eorpach na Gaeilge and Dioplóma sa Ghaeilge programmes and to wear a fáinne.
- The provision of learning materials (publications, lists of useful websites dictionaries) to ease the provision of services through Irish
- That each Irish language training course provided be assessed on an ongoing basis as to it's effectiveness.
- That language awareness be included as part of induction training to ensure that staff understand it's importance and that staff would be very aware of the obligations by virtue of the Official Languages Act and the Language Scheme.
- That an annual acknowledgement system be put in place for the staff who have undertaken to act as an Irish contact point, or who have undertaken a training course.

4.5 Gaelscoileanna and Irish Language Organisations

Any projects initiated with gaelscoileanna, gaelcholaistí or Irish language organizations in the County shall be conducted in the Irish language only.

That Clare Local Authorities will further progress links with Irish language organisations such as An Clár as Gaeilge and other such groups to further the promotion of both the Irish language in general in the County and the advertising of the availability of Irish services in the Local Authority. To this end, Fóram Gaeilge an Chláir was established. Its functions include the encouragement of better communication between Irish language groups in the County, and joint projects within the County, for Seachtain na Gaeilge and Lá Eorpach na dTeangacha.



Caibidil 5

Monatóireacht, Athbhreithniú agus Fógraíocht don Scéim Chomhaontaithe

Leathanach

34

5.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh Bainistíocht Shinsireach Údaráis Áitiúla an Chláir freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na Scéime seo.

Beidh na daoine atá freagrach as an scéim ina gceantair féin i mbun na monatóireachta go laethúil agus le cabhair ón Oifigeach Forbartha Gaeilge beidh siad ag tuairisciú gach re mí ar a dhul chun cinn.

Déanfaidh an Coiste Gaeilge nuachumtha, le comhaltaí as rannóga éagsúla, monatóireacht ar sholáthar acmhainní dhátheangacha ina rannóg féin.

5.2 Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

Is iad na príomh-mhodhanna a úsáidfear chun an scéim a chur os comhair an phobail:

- Preas-ráitís;
- Seoladh Oifigiúil na Scéime;
- Forálacha na scéime a fhógairt;
- Sonraí na scéime a dháileadh ar pháirtithe a rinne aighneachtaí, ach a sonraí teagmhála ar bheith ar fáil.



Chapter 5

Monitoring, Revision and Publicising of Agreed Scheme

5.1 Monitoring and Revision

The Senior Management of Clare Local Authorities shall be responsible for monitoring the effective operation of this Scheme.

The daily monitoring will be undertaken by those who are responsible for the scheme in their own areas, and with the assistance of the Oifigeach Forbartha Gaeilge will report bi-monthly on the progress.

The newly constituted Coiste Gaeilge, comprising of members from various sections, shall monitor the availability of bilingual resources in their own section.

5.2 Publicising the Agreed Scheme.

The principal means of publicising the scheme to the public are by means of:

- Press Releases;
- Official Launch of the Scheme;
- Advertising of provisions of the Scheme;
- Circulation to parties who made submissions, in so far as their contact details are available.



Print

Quick Links

- > Gaeilge.ie
- > Acmhainn.ie
- > Beo.ie
- > [Lá](#)
- > [Foinse](#)

Aguisín 1

Suirbhéanna a Rinneadh

Leathanach
36

Torthaí ar Shuirbhé na Foirne

I suirbhé a rinneadh le gaird i measc na mball foirne le fáil amach an mbeidís sásta an leibhéal Gaeilge atá acu faoi láthair a fheabhsú, agus/nó a húsáid sa láthair oibre, nó nach mbeadh, fuarthas na torthaí seo leanas:

- Ar léirigh tú riamh aon spéis ar fheabhas a chur ar do chuid eolais agus tuiscint ar an nGaeilge?.
- Fuarthas freagra dearfach ó 83, is é sin 59.7% díobh siúd a d'fhreagair nó 8.6% den bhfórsa oibre iomlán

An mbeifeá toilteanach an méid Gaeilge atá agat faoi láthair a úsáid sa láthair oibre?

Fuarthas freagra dearfach ó 87, is é sin 62.6% díobh siúd a d'fhreagair nó 9.02% den bhfórsa oibre iomlán.

Torthaí ar Shuirbhé Custaiméara

Ba iad na chéad trí thosaíocht maidir le riachtanais seirbhíse trí mheán na Gaeilge ná eolas láithreáin ghréasáin, seirbhísí leabharlainne agus mótarcháin. Comhordaíonn sé sin, mar sin, leis an méid a tháinig chun solais ag na ceardlanna poiblí comhairliúcháin don Scéim seo, agus dá réir sin, tugadh tosaíocht don trí limistéar seirbhíse sin i gcaitheamh shaolré na Scéime seo.

Appendix 1

Surveys Undertaken

Results of Staff Survey.

In a recent survey which was conducted amongst staff to ascertain whether or not they would be willing to improve their current level of Irish and/or use it in the workplace, of 139 respondents, the results were as follows:

- Have you ever expressed an interest in improving your knowledge and understanding of Irish?
- 83 answered in affirmative, which accounts for 59.7% of the respondents or 8.6% of the total workforce

Would you be willing to use your current knowledge of Irish in the workplace?

87 answered in affirmative, which accounts for 62.6% of the respondents or 9.02% of the total workforce.

Results of Customer Survey

The top three preferences as regards service requirements through the medium of Irish were website information, library services and motor tax. (Percentages to be included). Thus this collates with what the public consultation workshops for this Scheme highlights, and thus these three service areas were prioritised for the lifetime of this Scheme.

Is é seo a leanas ráiteas misin Údaráis Áitiúla an Chláir:

“Ardchaighdeáin a bhaint amach trí sholáthar seirbhíse agus trí chomhpháirtíocht iniatach chun forbairt shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus chomhshaoil Chontae an Chláir a chur chun cinn.”

The mission statement of Clare Local Authorities is as follows:

“Pursuing excellence through service delivery and inclusive partnership to advance the social, cultural, economic and environmental development of County Clare”.

